Cuntas Leithreasa 2021

# Vóta 1

# Teaghlachas an Uachtaráin

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 1, ceanglaítear orm gach bliain an cuntas leithreasa don Vóta a réiteach, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 ar thuarastail agus costais Oifig Ard-Rúnaí an Uachtaráin, maidir le costais áirithe de chuid Theaghlachas an Uachtaráin agus deontais áirithe.

Cuirtear an toradh caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €840,000 a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 5.

# Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, mar a leag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe amach iad i gciorcláin 1 agus 9 de 2022. Ón 1 Eanáir 2021 i leith, athraíodh an modh dímheasa ó bhonn bliantúil ina bhonn míosúil. Gearrtar dímheas de réir méid cothrom agus méadaíodh an tairseach do shócmhainní san áireamh go €10,000. Glacadh leis an eisceacht seo a leanas.

***Sócmhainní oidhreachta***

Ní luacháiltear sócmhainní oidhreachta a bhaineann le Teaghlachas an Uachtaráin mar shócmhainní sna ráitis airgeadais seo. Tá ar áireamh sna sócmhainní troscán agus saothair ealaíne. Tá tréithe neamh-inchoimhthithe agus sobhriste ag baint leo agus ní féidir a gcomhshamhail a sholáthar, agus mar sin de, ní cuspóir fónta a bheadh ann na sócmhainní a chaipitliú sna ráitis seo.

# Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann Oifig Theaghlachas an Uachtaráin córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Rúnaí ar Roinn an Taoisigh. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chumhdach, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Cuireann an Roinn Airgeadais feidhm íocaíochta agus cuntasaíochta ar fáil do Theaghlachas an Uachtaráin.

***Seirbhísí comhroinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir Theaghlachas an Uachtaráin agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Táim ag brath ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta le haghaidh an Vóta do Sheirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí i soláthar seirbhísí comhroinnte do Theaghlachas an Uachtaráin.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh gnáthaimh fhoirmiúla le haghaidh teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom maidir le mo fhreagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chomhlíonadh.
- Doiciméadaíodh nósanna imeachta le haghaidh na bpríomhphróiseas gnó go léir.
- Tá córais ann chun na sócmhainní a chosaint.
- Tá tábhacht ag baint le timpeallacht rialaithe inmheánaigh airgeadais na Roinne Airgeadais, mar is é an Roinn Airgeadais a chuireann feidhmeannas íocaíochta agus cuntasaíochta ar fáil do Theaghlachas an Uachtaráin.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinníonn an lucht ardbhainistíochta faoi athbhreithniú
- athbhreithnithe rialta ag an lucht ardbhainistíochta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistíochta riosca atá ag feidhmiú laistigh de Theaghlachas an Uachtaráin
- córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil cuí agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail

***Iniúchóireacht inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta***

Tagann Teaghlachas an Uachtaráin faoi shainchúram na feidhme iniúchóireachta inmheánaí a sholáthraíonn Roinn an Taoisigh, a bhfuil pearsanra oilte cuí acu agus a oibríonn faoi chairt scríofa a cheadaigh mé féin. Tugtar eolas don obair iniúchóireachta inmheánaí trí anailís a dhéanamh ar na rioscaí airgeadais a bhfuil Teaghlachas an Uachtaráin neamhchosanta orthu agus tá sé d'aidhm na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Tá an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí agus a clár oibre faoi réir athbhreithnithe tréimhsiúla uaimse agus ón gCoiste Iniúchóireachta, a oibríonn faoi choimirce Roinn an Taoisigh.

Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste Iniúchóireachta in 2021, agus cuireadh i bhfeidhm in 2020 an clár oibre iniúchóireachta a comhaontaíodh in 2021.

***Comhlíonadh soláthair***

Cinntíonn Teaghlachas an Uachtaráin go gcuirtear béim chuí ar dhea-chleachtas i dtaobh cúrsaí soláthair, agus go bhfuil nósanna imeachta ann lena chinntiú go gcloítear leis na treoirlínte soláthair iomchuí uile. Níorbh ann d’aon chonradh a dámhadh gan próiseas iomaíoch a reáchtáil a sháraigh an tairseach tuairiscithe €25,000.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag Teaghlachas an Uachtaráin lena ndéantar sainaithint ar phríomhrioscaí agus lena dtuairiscítear iad agus na gníomhartha bainistíochta atá á dhéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, chomh fada agus is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena n-aithnítear na príomhrioscaí do Theaghlachas an Uachtaráin agus rinneadh iad a aithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár go ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin le hacmhainní a phleanáil agus a dháileadh lena chinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí go leibhéal inghlactha.

Déantar cur síos sa chlár rioscaí ar na rialuithe agus gníomhartha is gá leis na rioscaí a mhaolú agus ar an bhfreagracht as oibriú na rialuithe atá sannta do bhaill fhoirne áirithe.

***Faireachán agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe le faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar rialú ar easnaimh a chur in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a chur i bhfeidhm agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, i gcás gurb ábhartha, go tráthúil. Deimhním go bhfuil príomhrioscaí agus na rialuithe bainteach aitheanta agus tá próisis curtha i bhfeidhm le faireachán a dhéanamh ar na príomhrialuithe agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Teaghlachas an Uachtaráin chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta maidir le bainistíocht riosca agus rialú. In 2021, rinne obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh de Theaghlachas an Uachtaráin a bhí freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a choimeád ar bun eolas don obair a rinne Teaghlachas an Uachtaráin chun faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor sainaithníodh laigí sa rialú inmheánach airgeadais bainteach le 2021 a bhí mar chúis, nó a d'fhéadfadh a bheith mar chúis, le caillteanas ábhartha.

***Saincheisteanna rialaithe phaindéim Covid-19***

De bharr thús phaindéim Covid-19 i dtús 2020, bhí roinnt athruithe ann ar an timpeallacht oibre agus rialaithe, agus cianobair agus obair fhíorúil ag éirí ina ngnáthchleachtas i dTeaghlachas an Uachtaráin. Mar thoradh air sin, thug Teaghlachas an Uachtaráin isteach roinnt athruithe nósanna imeachta agus rialaithe. Rinneadh measúnuithe ar thionchar phaindéim Covid-19 agus is éifeachtach fós atá na rialuithe a cuireadh i bhfeidhm cheana féin agus na rialuithe sin a tugadh isteach de bharr phaindéim Covid-19.

**Martin Fraser**
Oifigeach Cuntasaíochta

31 Márta 2022

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 1 Teaghlachas an Uachtaráin

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 1 Teaghlachas an Uachtaráin don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 1 Teaghlachas an Uachtaráin don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam le Teaghlachas an Uachtaráin agus tá na freagrachtaí eiticiúla eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu faoi eisceacht san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus McCarthy**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

22 Meitheamh 2022

## Aguisín leis an tuarascáil

**Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta**

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

**Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

**Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais**

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

**Tuairisciú ar ábhair eile**

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

# Vóta 1 Teaghlachas an Uachtaráin

## Cuntas Leithreasa 2021

| | | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas clár** | | | | |
| A | Teaghlachas an Uachtaráin | 3,043 | 2,289 | 2,419 |
| B | Deolchaire daoine in aois an chéid | 1,550 | 1,494 | 1,503 |
| **Ollchaiteachas** | | **4,593** | **3,783** | **3,922** |
| | *Lúide* | | | |
| C | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **82** | **112** | **81** |
| **Glanchaiteachas** | | **4,511** | **3,671** | **3,841** |

**Farasbarr**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime a feidhmíodh faoi dhliteanas i leith a ghéillte don Státchiste.

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Farasbarr le géilleadh** | **839,708** | **658,321** |

**Martin Fraser**
Oifigeach Cuntasaíochta

31 Márta 2022

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoi Chostais Oibriúcháin 2021

| | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas clár | | 1,442 | 1,452 |
| Pá | | 1,878 | 1,884 |
| Neamhphá | | 463 | 586 |
| **Ollchaiteachas** | | **3,783** | **3,922** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **112** | **81** |
| **Glanchaiteachas** | | **3,671** | **3,841** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Dímheas | 15 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairt | 3 | 18 | (16) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (43) | (39) | (95) |
| Laghdú ar stoc | 4 | | |
| **Caiteachas díreach** | | **3,650** | **3,730** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 4,096 | 4,016 |
| **Glanchostas clár** | | **7,746** | **7,746** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna measta seo leanas maidir le Vóta 1 a iompraíodh in áit eile.

| | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 7 | Oifig an Aire Airgeadais | 28 | 22 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 665 | 716 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 1,776 | 1,686 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 3 | 3 |
| Vóta 20 | An Garda Síochána | 148 | 195 |
| Vóta 28 | Gnóthaí Eachtracha agus Trádála | 34 | 16 |
| Vóta 36 | Cosaint | 448 | 432 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais | 64 | 45 |
| An Lárchíste (Luachanna saothair agus liúntais Uachtaráin agus pinsin Uachtaráin) | | 930 | 901 |
| | | **4,096** | **4,016** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2021

| | Nóta | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 25 | 51 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | | 28 | (30) |
| Stoic | 2.2 | 25 | 29 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.3 | 33 | 21 |
| Iarmhéideanna dochair eile | | 7 | 6 |
| Ioncam fabhraithe | | 3 | 5 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.5 | 19 | 82 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **115** | **113** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 13 | 47 |
| Iarmhéideanna chreidmheasa eile | 2.4 | 54 | 58 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **67** | **105** |
| **Glandliteanais reatha** | | 48 | 9 |
| **Glansócmhainní** | | **73** | **60** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe stáit** | 2.6 | **73** | **60** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh TF | Trealamh oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021 | 383 | 15 | 398 |
| Diúscairtí | (78) | (7) | (85) |
| Coigeartú [a] | (262) | (8) | (270) |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021 | 43 | — | 43 |
| | | | |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021 | 332 | 15 | 347 |
| Dímheas don bhliain | 15 | — | 15 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (75) | (7) | (82) |
| Coigeartú [a] | (254) | (8) | (262) |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021 | 18 | — | 18 |
| | | | |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021** | **25** | — | **25** |
| | | | |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020 | 51 | — | 51 |

Nóta [a] Baineann an coigeartú le baint earraí aonair a bhfuil luach faoi bhun €10,000 acu ón gclár sócmhainní de réir chiorclán 21/2020, *Méadú ar an tairseach luacha ar a gcuirtear earraí ar an gclár sócmhainní*. Is léiriú é freisin ar cheartú luachanna stairiúla chun ailíniú leis an gclár sócmhainní seasta.

## 2.2 Stoic

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| | | |
| Boinn daoine in aois an chéid | 2 | 8 |
| Tomhaltáin TF agus stáiseanóireacht | 23 | 21 |
| | **25** | **29** |

## 2.3 Réamhíocaíochtaí

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| | | |
| Tacaíocht bogearraí | 7 | 7 |
| Riarachán | 3 | 4 |
| Réamhíocaíochtaí eile | 23 | 10 |
| | **33** | **21** |

## 2.4 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag an 31 Nollaig | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 27 | 28 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 11 | 10 |
| Muirear sóisialta uilíoch | 5 | 6 |
| Ranníocaíocht pinsin | 3 | 5 |
| Cáin Shiarchoinneálach | 1 | 0 |
| | 47 | 49 |
| Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí | 7 | 9 |
| | **54** | **58** |

## 2.5 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| ag an 31 Nollaig | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le géilleadh | 840 | 658 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (859) | (740) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **(19)** | **(82)** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 28 | (30) |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 7 | 6 |
| | 35 | (24) |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (47) | (49) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (7) | (9) |
| | (54) | (58) |
| | **(19)** | **(82)** |

## 2.6 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 60 | (52) |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 4,511 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (840) | | |
| Glanmhéid an Vóta | | | 3,671 | 3,842 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 4,096 | 4,016 |
| Nithe eile nach airgead tirim iad – coigeartú sócmhainní caipitil | 2.1 | | (8) | — |
| Glanchaiteachas clár | 1 | | (7,746) | (7,746) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **73** | **60** |

## 2.7 Ceangaltais

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | **374** | **228** |

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos leithroinnte ar na cláir éagsúla, chun costais iomlán na gclár a chur i láthair.

| | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 1,983 | 1,878 | 1,884 |
| ii | Taisteal agus cothú | 310 | 42 | 76 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 340 | 190 | 237 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 86 | 66 | 87 |
| v | Trealamh oifige agus soláthairtí eile oifige agus seirbhísí gaolmhara | 390 | 165 | 187 |
| | | **3,109** | **2,341** | **2,471** |

**Difríochtaí suntasacha**

Sna míreanna seo a leanas, déantar anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus tugtar na cúiseanna leis na difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus +/- €100,000).

**ii Taisteal agus cothú**

*Soláthar meastacháin: €310,000; toradh €42,000*

Tháinig gearrdháileadh €268,000 chun cinn toisc go raibh taisteal intíre agus idirnáisiúnta fós ar fionraí de bharr na héigeandála sláinte phoiblí. Mar thoradh air sin, bhí an caiteachas ar thaisteal sa bhliain níos lú ná mar a bhí beartaithe i dtosach.

**iii Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha**

*Soláthar meastacháin: €340,000; toradh €190,000*

Tá an laghdú €150,000 ar chaiteachas mar thoradh ar an gcealú ar ócáidí inmheánacha in 2021 de bharr shrianta Covid-19.

**v Trealamh oifige agus soláthairtí oifige agus seirbhísí gaolmhara**

*Soláthar meastacháin: €390,000; toradh €165,000*

Bhí gearrdháileadh €225,000 ann i gcaiteachas. Bhain an soláthar meastacháin le hinfheistíocht aonuaire chun córas nua a chuir in áit an chórais reatha 'Lotus Notes'. Cuireadh tús leis an tionscadal in 2020, ach bhí moill air de thoradh srianta na paindéime. Tá an tionscadal le críochnú in 2022.

## Clár A Teaghlachas an Uachtaráin

| | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán − pá | 1,932 | 1,828 | 1,835 |
| A.2 | Riarachán − neamhphá | 1,111 | 461 | 584 |
| | | **3,043** | **2,289** | **2,419** |

## Clár B Deolchaire daoine in aois an chéid

| | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| B.1 | Riarachán − pá | 51 | 50 | 49 |
| B.2 | Riarachán − neamhphá | 15 | 2 | 2 |
| B.3 | Deolchaire daoine in aois an chéid | 1,484 | 1,442 | 1,452 |
| | | **1,550** | **1,494** | **1,503** |

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair earnála poiblí | 75 | 75 | 78 |
| 2 | Ilghnéitheach | 7 | 37 | 3 |
| | **Iomlán** | **82** | **112** | **81** |

## Nóta 5 Líon Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon fostaithe

| **Coibhéisí lánaimseartha** | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | **23** | **26** |

### 5.2 Pá

| | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 1,715 | 1,699 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 49 | 58 |
| Ragobair | 3 | 7 |
| ÁSPC an fhostóra | 111 | 120 |
| **Pá iomlán** | **1,878** | **1,884** |

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | **An líon faighteoirí** | **Faighteoirí de €10,000 nó níos mó** | **An íocaíocht aonair is airde** | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2021** | **2020** |
| | | | **€** | **€** |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 6 | 2 | 20,161 | 19,174 |
| Ragobair | 5 | — | 1,367 | 2,110 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | — | — | — | — |

### 5.4 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Is é an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 1 Teaghlachas an Uachtaráin an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 2 Roinn an Taoisigh freisin. Nochtar a leibhéal tuarastal sa Chuntas Leithreasa do Vóta 2.